# Líon na Bearnaí

## Sraith 8: Timpiste sa Choláiste Samhraidh

**Pictiúr 1.**

Chláraigh triúr déagóirí ar chúrsa Gaeilge i gcoláiste ________________sa Ghaeltacht. Thug a dtuismitheoirí ann iad in dhá charr. D'fhág siad iad os comhair ionad an choláiste ar an gcéad lá, iad féin agus a gcuid málaí. D'fhág na tuismitheoirí slán acu agus iad ag scairtíl orthu taithneamh a bhaint as an gcúrsa agus a bheith ____________. Ghuigh siad ádh mór orthu.
Bhí fógra ar bhalla an choláiste "Cúrsa anseo sa Ghaeltacht do dhéagóirí." Lá breá tirim a bhí ann. Ní raibh ach t-léinte á gcaitheamh ag an triúr. Bhí mála droma ar a ndroim ag beirt acu.

**Pictiúr 2.**

Nuair a chuaigh siad isteach san ionad chonaic siad clár an lae ar _____________ar an mballa. Óna leath uair tar éis an naoi go dtí a leath uair tar éis a dó dhéag bheadh ranganna ar siúl. Chonaic siad go mbeadh lón le caitheamh sa choláiste féin idir a leath uair tar éis a dó dhéag agus a leath uair tar éis a haon. Óna leath uair tar éis a haon go dtí a leath uair tar éis a cúig bheadh cluichí ___________ agus cluichí ar an trá á n-eagrú. Dá mbeadh an aimsir fliuch bheadh cluichí istigh acu. Idir a sé agus a leath uair tar éis a seacht bheadh dinnéar sna __________ lóistín agus óna leath uair tar éis a hocht go dtí a deich a chlog bheadh céilí nó seó __________ sa halla.

**Pictiúr 3**

Chuaigh an fear fionn, Páid, amach ar an bpáirc ag imirt péile lá. Bhí an pháirc __________ amach le peil gaelach a imirt. Bhí dhá chuaille arda agus _____________. Bhí sé crochta ansin ós cionn na farraige. Bhí radharc aláinn ar bháid seoil ag dul thar _____________ i ngiorracht leathmhíle den pháirc.

**Pictiúr 4**

Tharla timpiste do Pháid. Bhí sé ina luí ar an talamh agus é ag __________ in ard a chinn is a ghutha. Bhí pian uafásach aige ina lorga nó ina ____________. Níl a fhios agam céard a tharla dhó. B'fhéidir go bhfuair sé ___________bróige ó imreoir eile. Bhí sé i gcruachás agus é ina luí ar an bhféar.

# Líon na Bearnaí

**Pictiúr 5**

Tháinig an Príomhoide agus dúirt sé le múinteoir amháin Páid a thabhairt go dtí an t-ospidéal. Bheadh turas caoga míle le déanamh acu. Ní gan dua a chuaigh Páid isteach sa charr mar bhí a chos an-________________. Dúirt an Príomhoide leo glaoch air ón ospidéal a luaithe is a bheadh scéala acu. San ospidéal tugadh Páid isteach ar ____________ agus rinneadh scrúdú air. An Dochtúir Ó Broin ab ea é. Dúirt sé nach raibh an chos briste ach go gcaithfeadh Páid sos a ____________ ón bpeil agus ó ghníomhaíochtaí mar sin. Chaithfeadh sé maidí ____________a úsáid go ceann tamaill. I gceann seachtaine bheadh sé go breá.

**Pictiúr 6**

Thóg an Príomhoide fón as a phóca agus chuir sé ______________ gutháin ar an tuismitheoir, Bean Uí Mhurchú, máthair Pháid. Dúirt sé léi gan a bheith buartha, go raibh dea-scéala aige di. D'inis sé di nach raibh an chos briste ach go gcaithfeadh Páid ____________ a thógáil go ceann tamaill agus go mbeadh sé go breá arís gan mhoill. Ag a fiche tar éis a deich an oíche sin, nuair a bhí an ___________ faoi lán seol, d'fhill Páid ar an gcoláiste in éineacht leis an múinteoir. Bhí sé ag _______________ leis ar mhaidí croise ach bhí sé sona. Bhí áthás ar na scolairí go léir é a fheiceáil ag teacht ar ais. Chuir siad fáilte roimhe. Thug siad bualadh bos dó.